Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**9907/25**

**ENFOPOL 192**
**CRIMORG 100**
**ENFOCUSTOM 94**
**IXIM 119**
**CT 67**
**COWEB 84**
**COEST 441**
**ENT 90**
**UD 130**
**JAI 780**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 12 Meitheamh 2025 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9482/25 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le gáinneáil ar airm a chomhrac agus na bagairtí a bhaineann le hairm thine agus earraí piriteicniúla a chomhrac<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 12 Meitheamh 2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le gáinneáil ar airm a chomhrac agus na bagairtí a bhaineann le hairm thine agus earraí piriteicniúla a chomhrac arna bhformheas ag an gComhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ag an 4102ú cruinniú a bhí aici an 12 Meitheamh 2025.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le gáinneáil ar airm a chomhrac agus na bagairtí a bhaineann le hairm thine agus earraí piriteicniúla a chomhrac**

**Breithnithe ginearálta**

Is bagairtí éagsúla ach móra ar shlándáil inmheánach an Aontais Eorpaigh agus ar an tsábháilteacht phoiblí iad an gháinneáil ar airm agus ar armlón, airm thine a dhéantar go príobháideach (lena n-áirítear airm thine aindleathacha 3T-phriontáilte), tiontú aindleathach arm rabhaidh agus comhartha, airm thine atá díghníomhachtaithe go míchuí, agus mí-úsáid earraí piriteicniúla. Ina theannta sin, is bagairt fhéideartha atá ag teacht chun cinn i roinnt Ballstát iad airm púdair dhuibh arna luchtú ar leithligh agus a macasamhlacha, a bhfuil tuilleadh measúnaithe ag teastáil ina leith.

<u>Airm thine arna ndéanamh go príobháideach (lena n-áirítear airm thine 3T-phriontáilte)</u>

1. Tá bagairtí nua ar shlándáil inmheánach an Aontais san úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí ag teacht chun cinn, lena n-áirítear priontáil 3T, chun airm thine a dhéantar go príobháideach agus a gcomhpháirteanna bunriachtanacha a tháirgeadh go haindleathach.

2. I gcásanna áirithe, bíonn airm thine a dhéantar go príobháideach agus a tháirgtear go haindleathach. lena n-áirítear arna ndéanamh ag gairmithe neamhúdaraithe nó trí thrádmharc a shárú i mBallstát, cosúil le fíorairm thine mar a shainaithnítear i nGníomhaíocht Oibríochtúil PHANTOM san Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT).

3. Tá méadú ag teacht ar líon na gcoireanna a bhaineann le hairm thine a dhéantar go príobháideach (lena n-áirítear airm thine 3T-phriontáilte) agus a tháirgeann líonraí coiriúla agus daoine aonair go haindleathach.

4. Tugtar dúshlán d’údaráis fhorfheidhmithe dlí na hairm thine a dhéantar go príobháideach a rianú agus a fhíorú (lena n-áirítear airm thine 3T-phriontáilte) ós rud é nach bhfuil sraithuimhreacha ná gnéithe aitheantais ag na hairm thine sin. Go háirithe, tá treoirphleananna digiteacha chun airm thine 3T-phriontáilte agus airm thine mheaisínithe arna rialú le huimhriúil ríomhairithe a tháirgeadh ar fáil saor in aisce ar líne. Is féidir na treoirphleananna sin a íoslódáil, a dháileadh agus a úsáid chun airm thine a tháirgeadh go haindleathach, agus d’fhéadfadh bagairtí slándála teacht chun cinn mar gheall air sin.

5. Níl an cur chuige maidir le táirgeadh agus sealbhú aindleathach arm tine a dhéantar go príobháideach, lena n-áirítear airm thine 3T-phriontáilte agus a gcomhpháirteanna bunriachtanacha, comhchuibhithe go sainráite ar leibhéal an Aontais, rud a bhféadfadh cur chuige comhordaithe a bheith ag teastáil ina leith.

<u>Airm rabhaidh agus chomhartha arna dtiontú agus airm thine athghníomhachtaithe</u>

6. Cuirtear i gcónaí leis an mbagairt a bhaineann le hairm rabhaidh agus chomhartha a thiontú go haindleathach go hairm thine lánfheidhmiúla a úsáidtear i ngníomhaíochtaí coiriúla ina dhiaidh sin.

7. D'fhéadfaí gur gá comhar ar leibhéal an Aontais chun gníomhú go héifeachtach i gcoinne na bagartha sin, an reachtaíocht a chomhchuibhiú agus cumais choiteanna anailíseacha agus forfheidhmithe dlí agus bearta riaracháin a fhorbairt, ós rud é go dtagann coirpigh i dtír ar dhifríochtaí i gcur chun feidhme reachtaíocht an Aontais chun airm rabhaidh agus chomhartha intiontaithe a fháil.

8. Dáiltear airm intiontaithe san Aontas ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear:

   a) airm rabhaidh agus chomhartha intiontaithe agus airm thine dhíghníomhachtaithe a athghníomhachtaítear ina dhiaidh sin a dhíol go dleathach;

   b) gáinneáil aindleathach ó thíortha nach bhfuil rialacháin chomh sriantach céanna acu;

   c) trádáil ar an idirlíon dorcha agus ar ardáin ar líne a bhfuil cuma dhlisteanach orthu nó ar ardáin atá inrochtana go hoscailte a éascaíonn trádáil aindleathach;

   d) gáinneáil thar theorainneacha talún agus mara agus ar lastais phoist agus beartán;

   e) ceardlanna neamhdhleathacha ina ndéantar airm nó a gcomhpháirteanna a tháirgeadh nó a thiontú (lena n-áirítear iad siúd a úsáideann priontáil 3T);

   f) dáileann grúpaí coiriúla agus eagraíochtaí sceimhlitheoireachta na hairm.

9. Cuidíodh le comhrac na gáinneála ar airm a bhuí le comhoibriú san Aontas trí EMPACT, na Pointí Fócasach Náisiúnta Arm Tine, agus comhar le Europol agus le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, mar shampla, Frontex agus Eurojust, agus trí shásraí feabhsaithe comhroinnte faisnéise idir na Ballstáit agus tríú páirtithe.

10. D'fhéadfaí tiontú aindleathach arm a mhaolú le critéir uile-Aontais chun idirdhealú soiléir a dhéanamh idir airm intiontaithe agus airm neamh-intiontaithe chomh maith le comhar idirnáisiúnta agus rannpháirtíocht saineolaithe teicniúla chun bagairtí a shainaithint.

Airm phúdair dhuibh arna luchtú ar leithligh

11. Áirítear macasamhlú arm seanda is féidir a chur le chéile trí úsáid a bhaint as teicnící nua-aimseartha faoi raon feidhme Threoir 2021/555[1]. Mar sin féin, d'fhéadfadh malartú breise faisnéise idir na Ballstáit, i gcomhréir le dlíthe an Aontais agus leis na dlíthe náisiúnta is infheidhme, maidir le teagmhais a bhaineann le hairm púdair dhuibh arna luchtú ar leithligh agus a macasamhlacha, neamhréireachtaí a laghdú sa bheartas maidir le rialú, díol, clárú, stóráil agus ceadanna na n-arm agus na macasamhlacha leis.

12. Trí fhaireachán níos fearr a dhéanamh ar úsáid aindleathach arm púdair dhuibh arna luchtú ar leithligh agus ar a macasamhlacha, d'fhéadfaí feabhas a chur ar éifeachtacht an mhalartaithe faisnéise trasteorann, rioscaí féideartha a chosc agus scála réasúnta beag na gcoireanna a bhaineann leis na hairm sin agus lena macasamhlacha a choinneáil faoi smacht.

Earraí piriteicniúla

13. Is bagairt mhéadaitheach ar shábháilteacht an phobail, ar shláinte an duine agus ainmhithe agus ar an ord poiblí í an úsáid aindleathach a bhaintear as earraí piriteicniúla. Baineann rioscaí le hiomadú earraí polaiteicniúla agus leis an úsáid aindleathach a bhaineann amhais, sceimhlitheoirí agus grúpaí coiriúla astu, agus le gníomhartha foréigin in aghaidh foirne slándála, fhorfheidhmiú an dlí, seirbhísí tarrthála, seirbhísí éigeandála leighis agus an phobail i gcoitinne. Ina theannta sin, d'fhéadfadh earraí piriteicniúla an-díobháil a dhéanamh dóibh siúd a bhaineann úsáid astu agus do dhaoine a bhíonn ar an láthair, chomh maith le damáiste a dhéanamh do mhaoin phoiblí agus phríobháideach. D'fhéadfadh sé gur bagairt shuntasach ar bhonneagair chriticiúla í an úsáid aindleathach a bhaintear as earraí piriteicniúla agus go gcuirfeadh sí isteach ar chathracha agus ar phobail.

[1] Aithris 37 de Threoir 2021/555 an 24 Márta 2021 maidir le fáil agus seilbh arm a rialú (an 'Treoir maidir le hAirm Thine').

14. I roinnt Ballstát, tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as earraí piriteicniúla chun críoch coiriúil, lena n-áirítear ionsaithe ar uathmheaisíní bainc (UMBanna), agus i monarú gaireas pléascach seiftithe (IEDanna), a úsáidtear ansin chun daoine a ghortú, a dhúmháladh, a imeaglú, a chur ina dtost, chun bagairt orthu nó iad a mharú.

15. Is bagairt atá ag dul i méid í an trádáil aindleathach earraí piriteicniúla agus táirgeadh aindleathach agus aistriú neamhrialaithe earraí piriteicniúla, go háirithe tríd an idirlíon, trí líonraí sóisialta agus trí shiopaí neamhdhleathacha ar líne.

16. Maidir le rochtain neamhúdaraithe ar earraí piriteicniúla gairmiúla, gan iad a bheith ag comhlíonadh rialacháin sábháilteachta go minic (lena n-áirítear maidir le hiompar agus stóráil), táirgí ar cháilíocht íseal agus táirgí atá tearc-aicmithe ag monaróirí a bheith ann, agus cumhacht iomarcach a bheith ag roinnt earraí piriteicniúla, baineann rioscaí suntasacha sábháilteachta agus slándála leis an méid sin d'úsáideoirí, do dhaoine atá ar an láthair agus don phobal i gcoitinne, lena n-áirítear mionaoisigh.

17. Leis na rialacháin atá ann cheana ar leibhéal an Aontais, go háirithe Treoir 2013/29/AE maidir le hearraí piriteicniúla, dírítear go príomha ar shábháilteacht earraí piriteicniúla agus ar a saorghluaiseacht laistigh den mhargadh aonair.

18. Tá géarghá le breithniú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na rialacha maidir le rochtain (ar líne) ar chineálacha áirithe earraí piriteicniúla a neartú, go háirithe earraí gairmiúla, rialú na ríomhthráchtála, inrianaitheacht táirgí, cineál rialaithe riaracháin comhchuibhithe, agus cur i bhfeidhm sainmhínithe aonfhoirmeacha ar chatagóirí earraí piriteicniúla.

19. Tá gá le gníomhaíocht chomhordaithe, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar thoirmeasc ar earraí piriteicniúla agus bearta éifeachtacha cinntitheacha a dhéanamh, i gcomhréir leis an riosca a bhíonn ann, ar leibhéal an Aontais chun sábháilteacht agus slándáil a fheabhsú chomh maith leis na rioscaí a bhaineann le húsáid aindleathach earraí piriteicniúla a laghdú, mar shampla catagóir F4.

Sonraí arm tine

20. Is príomhuirlis é Córas Faisnéise Schengen (SIS) chun tacú le comhar i bhforfheidhmiú an dlí agus le bainistiú teorainneacha san Aontas, lena n-áirítear chun airm thine a chuardach agus a rianú. Is féidir foláirimh arm tine a iontráil in SIS ar dhá phríomhchuspóir: ar an gcéad dul síos, seiceálacha discréideacha, seiceálacha fiosrúcháin nó seiceálacha sonracha a dhéanamh; agus ar an dara dul síos, airm thine a urghabháil nó iad a úsáid mar fhianaise[2].

21. Tá saolré fhada ag airm thine agus is féidir leo fós a bheith ina mbagairt tar éis na mblianta fada. Ní mór gach foláireamh maidir le hairm thine a athbhreithniú laistigh de 10 mbliana[3]. Is gá athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar fholáirimh ar chúiseanna dlíthiúla agus oibríochtúla araon, rud a fhágann gur féidir sonraí a fhíorú go rialta agus iontrálacha atá as dáta nó míchruinn a bhaint i gcomhréir le prionsabal an riachtanais.

22. Is dúshlán mór fós iad cáilíocht agus iomláine na sonraí a iontráiltear in SIS. Tugann go leor Ballstát le fios go bhfuil neamhréireachtaí ann (e.g. easpa sraithuimhreacha uathúla, ainmniú neamhréireach monaróirí arm, formáidiú mícheart sonraí). Mar fhoinse na faisnéise a iontráiltear in SIS, tá ról lárnach ag bunachair sonraí náisiúnta maidir le cáilíocht agus comhsheasmhacht na sonraí a áirithiú. Chuirfí leis an gcáilíocht agus foláirimh á gcruthú in SIS ach caighdeáin aonfhoirmeacha maidir le sonraí a iontráil i mbunachair sonraí náisiúnta a bheith ann.

23. Chun úsáid éifeachtach SIS a áirithiú, tá sé ríthábhachtach scrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé gnéithe áirithe den athbhreithniú ar fholáirimh a uathoibriú chomh maith le fógraí córasacha maidir le dul in éag atá le tarlú chun aistriú foláireamh a d’fhéadfadh a bheith róluath nó moillithe a sheachaint, rud a d’fhéadfadh bac a chur ar iarrachtaí forfheidhmithe dlí. Mar thoradh ar an anailís a rinne Grúpa Saineolaithe Arm Tine na hEorpa agus ar an seisiún tuairimíochta a rinneadh ina dhiaidh sin ag Meitheal na Comhairle um Malartú Faisnéise CGB (IXIM) an 5 Nollaig 2024, breithneoidh an Chomhairle ar cheart plé a dhéanamh ar nuashonrú a d’fhéadfaí a dhéanamh ar an sásra athbhreithniúcháin agus ar an ngá atá le cáilíocht sonraí in SIS a fheabhsú.

---

[2] Airteagail 36 agus 38 faoi seach de Rialachán (AE) 2018/1862 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla.

[3] Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2018/1862.

24. Thairis sin, d’fhéadfadh gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí na mBallstát gníomhú ar bhealach níos éifeachtaí dá gcuirfí feabhas ar an bhfaisnéis faoi airm agus dá mbainfí úsáid níos éifeachtaí as na córais atá ann cheana, cuir i gcás, Córas Bainistithe INTERPOL do Thaifid agus Rianú Arm Aindleathach (iARMS) agus aon chóras malartaithe faisnéise ábhartha eile.

Gáinneáil ar airm agus ar armlón ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad agus óna gcomhpháirtithe

25. Is bagairt thromchúiseach ar shlándáil inmheánach an Aontais agus ar chobhsaíocht i dtíortha comharsanachta í an gháinneáil aindleathach ar airm agus armlón ó thíortha agus ó réigiúin nach bhfuil san Aontas, cuir i gcás, an Tuirc, Oirthear na hEorpa agus na Balcáin Thiar. Tá dlúthbhaint aige freisin le gníomhaíochtaí grúpaí coireachta eagraithe agus sceimhlitheoireachta agus tá gá le freagairt chomhordaithe ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

26. Dá bhrí sin, tá comhar oibríochtúil idirnáisiúnta, comhroinnt faisnéise agus oibríochtaí comhpháirteacha trasteorann ríthábhachtach, go príomha faoi chuimsiú EMPACT agus i gcomhar le gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais.

27. Beidh gá le tuilleadh faireacháin a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí líonraí coiriúla agus ar a n-iarrachtaí airm a smuigleáil isteach san Aontas a luaithe a bheidh deireadh le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus le coinbhleachtaí armtha eile i réigiúin chomharsanachta an Aontais.

**Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh**:

Airm thine arna ndéanamh go príobháideach (lena n-áirítear airm thine 3T-phriontáilte)

28. Freagairt éifeachtach a thabhairt, lena n-áirítear le tacaíocht EMPACT, ar an mbagairt a bhaineann le hairm thine aindleathacha arna monarú go príobháideach, lena n-áirítear airm thine 3T-phriontáilte agus a gcomhpháirteanna bunriachtanacha, trí chur chuige comhordaithe cuimsitheach fadtéarmach, lena n-áirítear measúnú ar bhearta reachtacha agus oibríochtúla ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus i gcomhthéacs an chomhair idirnáisiúnta chomh maith.

29. Féachaint an bhféadfaí faireachán éifeachtach a dhéanamh ar an spás ar líne chun cosc a chur ar scaipeadh treoirphleananna arm tine 3T-phriontáilte agus arm tine meaisínithe RRU agus féachaint an bhféadfaí sásraí a thabhairt isteach chun rochtain ar ábhar den chineál sin a rialú agus a bhlocáil, nuair is indéanta go dlíthiúil.

30. Tacú le forbairt agus measúnú uirlisí chun faireachán a dhéanamh ar ghné ar líne na gáinneála ar airm.

**Molann an Chomhairle do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

Airm thine arna ndéanamh go príobháideach (lena n-áirítear airm thine 3T-phriontáilte)

31. Leanúint den chomhar maidir le malartú faisnéise i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta is infheidhme, agus an comhar sin a neartú, bunaithe ar thaithí agus ar dhea-chleachtais chun an choireacht a bhaineann le hairm thine 3T-phriontáilte agus a gcomhpháirteanna bunriachtanacha a chomhrac.

32. Iarrachtaí na n-údarás forfheidhmithe dlí (póilíní agus údaráis chustaim) a neartú chun ceardlanna neamhdhleathacha a tháirgeann airm thine arna ndéanamh go príobháideach a chosc agus a imscrúdú.

Airm rabhaidh agus chomhartha arna dtiontú agus airm thine athghníomhachtaithe

33. Rannpháirtíocht a fhorbairt i sásraí comhair, lena n-áirítear EMPACT, in éineacht le Europol, Frontex, Eurojust, Interpol, Oifig na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí agus Coireacht agus Líonraí Eorpacha na nInstitiúidí um Eolaíocht Fhóiréinseach, chun gáinneáil agus dáileadh arm tiontaithe a chomhrac.

34. An comhar idirnáisiúnta a neartú a thuilleadh chun faireachán a dhéanamh ar shreabhadh arm tiontaithe agus chun grúpaí coiriúla trasnáisiúnta a chomhrac.

35. Feabhas a chur ar na hiarrachtaí chun ceardlanna neamhdhleathacha a bhrath agus a dhíchur a bhaineann, i measc nithe eile, le hairm rabhaidh agus chomhartha a thiontú.

36. Bearta éifeachtacha agus seiceálacha cuí a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta chun cosc a chur ar allmhairí arm rabhaidh agus comhartha ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad, lena n-áirítear an Tuirc, nach gcomhlíonann sonraíochtaí teicniúla[4] an Aontais chun gníomhú in aghaidh samhlacha is féidir a thiontú a thabhairt isteach sa mhargadh aonair.

[4] Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir Cur Chun Feidhme (AE) 2019/69 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla maidir le hairm rabhaidh agus chomhartha.

37. Rialuithe náisiúnta a neartú, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht na n-údarás forfheidhmithe dlí (póilíní agus custaim) i ngníomhaíocht oibríochtúil EMPACT Conversus, trí mhalartuithe treisithe faisnéise agus comhair chun táirgeoirí, allmhaireoirí agus miondíoltóirí a shainaithint a sholáthraíonn samhlacha arm rabhaidh agus comhartha do mhargadh an Aontais ar féidir iad a thiontú ina n-airm mharfacha.

Airm phúdair dhuibh arna luchtú ar leithligh

38. Féachaint an bhféadfaí, i gcás inarb ábhartha, faireachán a dhéanamh ar theagmhais a bhaineann le hatáirgeadh arm púdair dhuibh a luchtaítear ar leithligh chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar rioscaí agus éifeachtacht na rialála atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.

Sonraí arm tine

39. Díriú ar Phointí Fócasacha Náisiúnta maidir le hAirm Thine a fhorbairt mar phríomhuirlis chun faisnéis a mhalartú agus chun anailís a dhéanamh ar shonraí arm tine.

40. Bearta a dhéanamh chun cáilíocht agus iomláine sonraí arm tine in SIS a fheabhsú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) cáilíocht sonraí níos fearr agus comhsheasmhacht na n-iontrálacha i mbunachair sonraí náisiúnta a áirithiú;

b) caighdeáin agus treoirlínte soiléire a thabhairt isteach maidir le formáidiú sonraí;

(c) earráidí a eascraíonn as iontráil faisnéise de láimh a dhíchur;

(d) feasacht a mhúscailt maidir le lámhleabhar SIS agus é a dháileadh ar na húdaráis náisiúnta ábhartha agus ar údaráis eile atá freagrach as foláirimh a iontráil in SIS, agus ar úsáideoirí deiridh SIS;

(e) táblaí de chóid monaróirí arm a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus uirlisí a fhorbairt chun monaróirí nua a chur leis go dinimiciúil;

(f) feabhas a chur ar oiliúint an phearsanra atá freagrach as foláirimh arm tine a iontráil agus a nuashonrú.

Earraí piriteicniúla

41. Béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé cur i bhfeidhm Threoir 2013/29/AE a neartú agus a aontú, le tacaíocht ón gCoimisiún, agus iarrann sí go ndéanfaí gníomhaíocht bhreise chun aghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr ar ábhair imní slándála maidir le trádáil agus úsáid ábhar piriteicniúil a rialú.

42. A áirithiú go ndéantar earraí piriteicniúla a aicmiú i gceart trí bhearta a fhorfheidhmiú, chun gníomhú in aghaidh an chleachtais ina ndéantar earraí a aicmiú i gcatagóir seachas an chatagóir atá bunaithe ar a bparaiméadair theicniúla agus ar an úsáid atá beartaithe dóibh.

43. An fhormhaoirseacht ar an trádáil ar líne agus ar an gciantrádáil earraí piriteicniúla a mhéadú agus srianta a mheas, lena n-áirítear go bhféadfaí díolacháin ar líne nó ciandíolacháin a bhlocáil.

44. Comhar trasteorann a threisiú, le tacaíocht ó Europol, mar mhol faisnéise agus eolais, chun bealaí dáileacháin aindleathacha le haghaidh earraí piriteicniúla a shainaithint agus a dhíothú agus chun nósanna imeachta rialaithe a dhéanamh níos doichte maidir leis na táirgí sin a allmhairiú, a aistriú agus a iompar.

45. Leanúint den chomhar a mhéadú maidir le forfheidhmiú dlíthe i ndáil le sábháilteacht agus rialú earraí piriteicniúla agus le dea-chleachtais a ionchorprú i rialacháin náisiúnta chun cosaint na saoránach agus an oird phoiblí a áirithiú.

Gáinneáil ar airm agus ar armlón ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad agus óna gcomhpháirtithe

46. Comhar a mhéadú le Plean Gníomhaíochta Oibriúcháin EMPACT maidir le hAirm Thine agus le Grúpa Saineolaithe Arm Tine na hEorpa agus gníomhaíochtaí sonracha a fhorbairt chun bagairtí atá ag teacht chun cinn a chomhrac.

47. Tacú le faireachán leanúnach a dhéanamh ar an staid ag teorainneacha an Aontais le tacaíocht ó Frontex, go háirithe i ndáil le gáinneáil ar airm agus armlón as bealaí ón Úcráin, ó thíortha na mBalcán Thiar agus ón Tuirc, nó a leanann iad.

48. Bearta coisctheacha a neartú chun gníomhú in aghaidh smuigleáil arm agus armlóin agus trádáil aindleathach arm agus armlóin.

49. Machnamh a dhéanamh ar theicneolaíocht agus uirlisí anailíseacha a cheapadh, i gcomhréir le cearta bunúsacha agus leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme, chun tacú le hiarrachtaí smuigleála a bhrath.

50. Dlús a chur leis an malartú faisnéise oibríochtúla le príomh-chomhpháirtithe, lena n-áirítear an Úcráin, tíortha na mBalcán Thiar, an Tuirc agus Meiriceá Laidineach.

51. Cláir oiliúna d'oifigigh teorann, do phóilíní agus d'oifigigh chustaim a leathnú le rannpháirtíocht Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL).

52. Leanúint de bheith rannpháirteach in oibríochtaí comhpháirteacha trasteorann (e.g. Laethanta Comhghníomhaíochta EMPACT).

53. Airm a shainaithint agus a rianú trí chórais agus bunachair sonraí ábhartha, lena gcuirtear ar chumas gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí stádas dlíthiúil arm a fhíorú go tapa, mar a chuirtear chun cinn in EMPACT.

54. Leanúint den chomhar leis an Úcráin, lena n-áirítear le tacaíocht ó EMPACT, maidir le haistrithe aindleathacha a d'fhéadfadh a bheith ann a bhrath go luath, agus ar an gcaoi sin tacú le cur chun feidhme liosta gníomhaíochtaí an Aontais chun gáinneáil ar airm thine agus mionairm agus airm éadroma eile a chomhrac, i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.

55. Leanúint d'anailís a dhéanamh ar an staid agus de bheith tiomanta bearta breise a dhéanamh chun na rioscaí a bhaineann leis an ngáinneáil aindleathach ar airm a laghdú agus, más gá, cosc a chur ar bhagairtí nua a bhaineann le forbairtí sa teicneolaíocht agus le hathruithe ar mhodhanna gáinneála agus smuigleála.

**Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún an méid seo a dhéanamh:**

<u>Airm thine arna ndéanamh go príobháideach (lena n-áirítear airm thine 3T-phriontáilte)</u>

56. Machnamh a dhéanamh ar na bagairtí a bhaineann le hairm thine a dhéantar go príobháideach, lena n-áirítear airm thine 3T-phriontáilte agus a gcomhpháirteanna bunriachtanacha, a áireamh i dtuarascálacha a bheidh ann amach anseo maidir le cur i bhfeidhm na Treorach maidir le hAirm Thine.

57. Ceisteanna a áireamh sa mheasúnú tionchair a bhaineann le critéir íosta chun cionta arm tine a choiriúlú maidir leis an ngá atá le cionta coiriúla a bhaineann le hairm thine a chomhchuibhiú, le héifeachtacht na rialachán atá ann faoi láthair maidir le táirgeadh aindleathach arm tine agus a gcomhpháirteanna bunriachtanacha, agus leis an ngá atá le húsáid teicneolaíochtaí nua a áireamh sa sainmhíniú ar tháirgeadh arm tine. Ba cheart a chumhdach freisin sa mheasúnú tionchair ceisteanna faoin ngá atá le coiriúlú a dhéanamh ar tháirgeadh, sealbhú agus scaipeadh treoirphleananna digiteacha chun airm thine aindleathacha agus a gcomhpháirteanna bunriachtanacha a tháirgeadh agus faoi cé acu is gá nó nach gá togra reachtach a ullmhú chun lúba ar lár a d'fhéadfadh a bheith ann i dtáirgeadh, seilbh agus dáileadh arm tine
3T-phriontáilte a leigheas.

Airm rabhaidh agus chomhartha arna dtiontú agus airm thine athghníomhachtaithe

58. Measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht an Aontais, lena n-áirítear na gníomhartha cur chun feidhme ábhartha, atá infheidhme maidir le hairm rabhaidh agus chomhartha chun tiontú aindleathach na n-arm sin a chomhrac ar bhealach níos fearr.

59. Pointe sonrach maidir le hairm rabhaidh agus chomhartha arna dtiontú a áireamh i dtuarascálacha a bheidh ann amach anseo maidir le cur chun feidhme na Treorach maidir le hAirm Thine, lena n-áirítear measúnú ar an mbagairt a bhaineann leo don tslándáil phoiblí sna Ballstáit.

60. A aithint gur bagairt mhéadaitheach ar an tslándáil inmheánach é an próiseas aindleathach chun airm rabhaidh agus chomhartha a thiontú ina n-airm thine agus go bhfuil gá le gníomhaíocht chomhordaithe ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.

Sonraí arm tine

61. Dlús a chur leis an obair chun tacar sonraí íosta éigeantach a bhunú atá le cur isteach i mbunachair sonraí náisiúnta na mBallstát maidir le hairm thine urghafa (e.g. cineál, déanamh, samhail, cailibre agus sraithuimhir na n-arm, imthosca na hurghabhála, suíomh, sonraí an bhealaigh smuigleála, grianghraif agus uimhir uathúil aitheantais arm tine). Sineirgí a fhiosrú chun tacar sonraí na bhfoláireamh maidir le hairm tine in CFS a ailíniú leis an tacar sonraí íosta sin.

62. Anailís a dhéanamh ar an ngá atá le reachtaíocht an Aontais a leasú chun bunú comhchuibhithe na dtacar sonraí íosta sin ar an leibhéal náisiúnta agus comhtháthú na sonraí le Mol Arm Tine Europol a áirithiú, agus ar an gcaoi sin stór coiteann Eorpach a chruthú agus dúbláil córas a sheachaint. D'fhéadfadh sé sin cur leis an bhfaireachán ar airm thine aindleathacha, lena n-áirítear patrúin, treochtaí agus *modi operandi* a shainaithint, agus meastóireacht níos fearr ar éifeachtacht na mbeart agus na rialachán atá i bhfeidhm ar fud an Aontais.

Earraí piriteicniúla

63. Tacú leis na Ballstáit ina gcuid iarrachtaí reatha agus ina gcuid iarrachtaí amach anseo cur i bhfeidhm Threoir 2013/29/AE a neartú agus a chomhchuibhiú, go háirithe chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar ábhair imní slándála maidir le trádáil agus úsáid ábhar piriteicniúil a rialú.

64. Sásraí éifeachtacha a bhunú chun earraí piriteicniúla ardriosca a rianú ag gach céim dáileacháin, agus cruthú doiciméad tionlacain le haghaidh gluaiseachtaí laistigh den Aontas á chur san áireamh.

65. Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht agus ar an ngá atá le tinte ealaíne de chatagóir F1 a áireamh faoi raon feidhme Airteagal 4(2) de Threoir 2013/29/AE, lena gcuirtear bonn ar fáil do na Ballstáit chun toirmisc nó srianta a thabhairt isteach maidir le hearraí piriteicniúla a shealbhú, a úsáid nó a dhíol leis an bpobal i gcatagóirí F2 agus F3 agus P1 agus T1, ós rud é gur féidir le roinnt earraí sna catagóirí sin díobháil thromchúiseach agus gortú tromchúiseach a dhéanamh má úsáidtear go mícheart iad.

66. Machnamh a dhéanamh ar uaschion na nglanphléascán in earraí piriteicniúla a bhfuil an leibhéal riosca is airde ag baint leo (F3 agus F4) a theorannú agus féachaint ar bhealaí chun forfheidhmiú níos fearr a áirithiú maidir le srianta ar úsáid agus ar chúrsaíocht earraí piriteicniúla.

67. Meastóireacht phráinneach a dhéanamh ar na bearta is féidir a dhéanamh ar leibhéal an Aontais agus gníomhaíocht bhreise chuí a dhéanamh chun an creat rialála a neartú agus tograí reachtacha a cheapadh chun táirgeadh aindleathach, trádáil (lena n-áirítear trádáil ar líne) earraí piriteicniúla contúirteacha agus úsáid earraí piriteicniúla contúirteacha a chosc.

**Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar Europol, ar Interpol agus ar Frontex an méid seo a dhéanamh:**

68. Laistigh dá sainorduithe faoi seach, obair a dhéanamh chun go mbeidh tuilleadh comhchuibhithe agus comhar feabhsaithe i gcomhrac na gáinneála ar airm agus ar earraí piriteicniúla tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

   a) cur chuige comhordaithe maidir le hanailís a dhéanamh ar an bhfeiniméan sin trí chomhoibriú in oibríochtaí idirnáisiúnta agus trí fhaisnéis a mhalartú, agus an obair a rinne EMPACT mar threoir acu agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta;

   b) straitéis fhadtéarmach a fhorbairt chun gáinneáil ar airm a chomhrac a luaithe a chuirfidh an Rúis deireadh lena cogadh foghach ar an Úcráin, feabhas a chur ar oiliúint na ngardaí teorann agus fiosrú a dhéanamh úsáid na hintleachta saorga chun airm aindleathacha agus armlón a bhrath.

**Iarrann an Chomhairle ar Europol an méid seo a leanas a dhéanamh**:

69. Ardán tiomnaithe a bhunú chun faisnéis a mhalartú maidir le hairm thine 3T-phriontáilte agus treoirphleananna le haghaidh meaisínithe RRU chun gníomhaíochtaí forfheidhmithe dlí a chomhordú ar bhealach níos fearr ar leibhéal an Aontais i gcomhar le Eurojust, Interpol agus OLAF laistigh dá sainorduithe faoi seach.

70. Ról a thabhairt do na Ballstáit i ndearadh an mhodúil um malartú balaistíoch laistigh den Mhol Arm Tine atá á fhorbairt ag Europol, agus i bhforbairt an mhodúil sin, lena n-áirítear geallsealbhóirí EMPACT agus Líonra Eorpach na nInstitiúidí Eolaíochta Fóiréinsí. Ba cheart comhroinnt sonraí balaistíoch i measc na mBallstát a éascú leis an modúl sin, agus ba cheart rochtain a bheith ag gach Córas Faisnéise Uathoibríoch Balaistíoch air, lena n-áiritheofaí idir-inoibritheacht iomlán.

71. An tacaíocht do chomhar idir na Ballstáit a neartú agus an comhar sin a éascú chun cosc a chur ar bhealach níos éifeachtúla ar úsáid earraí piriteicniúla chun críoch coiriúil agus foréigneach.

---